AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 30.5.2018
COM(2018) 368 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

***a ghabhann leis an***

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 1967/2006, (CE) Uimh. 1005/2008, agus Rialachán (AE) Uimh. 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialú ar iascach**

{SEC(2018) 267 final} - {SWD(2018) 279 final} - {SWD(2018) 280 final}

IARSCRBHINN I

Cuirtear Iarscríbhinn III agus Iarscríbhinn IV seo a leanas le Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009

"**IARSCRÍBHINN III**

POINTÍ A SHANNFAR DO SHEALBHÓIRÍ CHEADÚNAS IARCAIREACHTA AN AONTAIS NÓ DO MHÁISTRÍ DE CHUID AN AONTAIS I gCÁS SÁRUITHE TROMCHÚISEACHA

| Líon | Sáruithe tromchúiseacha | Pointí |
|---|---|---|
| 1 | Gan na hoibleagáidí a chomhlíonadh maidir le sonraí a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta a thaifeadadh agus a thuairisciú, lena n-áirítear sonraí a bheidh le tarchur tríd an gcóras um fhaireachán soithí agus le réamhfhógraí, mar a cheanglaítear le rialacha an chomhbheartais iascaigh. | 3 |
| 2 | Gan dearbhú gabhála nó dearbhú maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír a chur ar fáil don tríú tír agus gan cóip leictreonach de a sheoladh chuig na Ballstáit bhrataí mar a cheanglaítear le mír 1 d'Airteagal 30 de Rialachán (AE) 2017/2403. | 3 |
| 3 | Gan dearbhú maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír nó nóta díolacháin a tharchur chuig an mBallstát brataí i gcás inar tugadh an ghabháil i dtír i gcalafort tríú tír, nó gan dearbhú trasloingsithe nó dearbhú aistrithe a tharchur i gcás ina ndearnadh an oibríocht lasmuigh d'uiscí an Aontais. | 3 |
| 4 | Trealamh iascaireachta nach gcomhlíonann na rialacha a úsáid. | 4 |
| 5 | Gan na hoibleagáidí a bhaineann le trealamh iascaireachta a leagtar amach i rialacha an chomhbheartais iascaigh a úsáid. | 4 |
| 6 | Inneall nó gléasanna faireacháin na cumhachta innill leanúnaí a ionramháil d'fhonn cumhacht an innill a mhéadú thar an gcumhacht innill leanúnach uasta a luaitear ar dheimhniú chumhacht an innill. | 5 |
| 7 | Marcanna ar an soitheach iascaireachta nó ar an trealamh iascaireachta, nó sainaithint nó clárú soithigh iascaireachta, a bhrionnú nó a cheilt. | 5 |
| 8 | Doiciméid, sonraí nó faisnéis is gá faoi rialacha an chomhbheartais iascaigh a bhrionnú nó doiciméid, sonraí nó faisnéis bhrionnaithe nó neamhbhailí a úsáid, lena n-áirítear doiciméid, sonraí agus faisnéis dá dtagraítear i Rialachán (CE) | 5 |

| Líon | Sáruithe tromchúiseacha | Pointí |
|---|---|---|
| | Uimh. 1005/2008 ón gComhairle. | |
| 9 | Fianaise maidir le himscrúdú a cheilt, an fhianaise sin a chur as a riocht nó í a scriosadh. | 5 |
| 10 | A lán sáruithe a dhéanamh atá, le chéile, ina neamhaird thromchúiseach ar bhearta caomhnaithe agus bainistíochta. | 5 |
| 11 | Mainneachtain a dhéanamh aon cheann de na gabhálacha róbheaga de shárú ar an reachtaíocht atá i bhfeidhm nó gabhálacha de speiceas atá faoi réir na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír a leagtar amach in Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 a thabhairt nó a choinneáil ar bord an tsoithigh iascaireachta, lena n-áirítear trí shleamhnú, agus iad a thrasloingsiú, a aistriú agus a thabhairt i dtír, mura rud é go mbeadh tabhairt agus coinneáil ar bord agus tabhairt i dtír na ngabhálacha sin ag teacht salach ar oibleagáidí, lena n-áirítear i gcás limistéir eagraíochtaí réigiúnacha um bainistíocht iascaigh, nó dá mbeidís faoi réir díolúintí dá bhforáiltear i rialacha an chomhbheartais iascaigh maidir leis an iascach nó na limistéir iascaireachta a bhfuil feidhm ag na rialacha sin iontu. | 5 |
| 12 | Dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta i limistéar de chuid eagraíochta réigiúnaí um bainistíocht iascaigh ar shlí nach bhfuil i gcomhréir le bearta caomhnaithe agus bainistíochta na heagraíochta sin. | 5 |
| 13 | Oibríochtaí aistrithe a chur i gcrích a sháraíonn rialacha an chomhbheartais iascaigh nó na bearta caomhnaithe agus bainistíochta is infheidhme arna nglacadh ag na heagraíochtaí réigiúnacha um bainistíocht iascaigh. | 5 |
| 14 | Teacht i dtír i gcalafoirt tríú tíortha gan réamhfhógra mar a thagraítear dó in Airteagal 19a den Rialachán seo; nó táirgí iascaigh a thagann as gníomhaíochtaí iascaireachta NNN a thabhairt i dtír. | 5 |
| 15 | Trealamh iascaireachta toirmiscthe a úsáid. | 6 |
| 16 | A bheith ag iascaireacht i limistéar srianta nó coiscthe, nó i limistéar athbhunaithe stoic éisc, nó le linn séasúr coiscthe, nó a bheith gan chuóta nó tar éis cuóta a bheith ídithe nó thar dhoimhneacht choiscthe. | 6 |
| 17 | A bheith ag iascaireacht gan ceadúnas, údarú nó cead bailí arna eisiúint ag an Stát brataí nó an Stát cósta ábhartha. | 7 |

| Líon | Sáruithe tromchúiseacha | Pointí |
|---|---|---|
| 18 | A bheith i mbun iascaireacht dhírithe speiceas atá faoi réir moratóra, faoi réir séasúr coiscthe nó a bhfuil sé toirmiscthe iascaireacht a dhéanamh orthu, na speicis sin a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a aistriú nó a thabhairt i dtír. | 7 |
| 19 | Bac a chur ar obair oifigeach nó breathnóirí agus iad i mbun a ndualgais a chomhlíonadh. | 7 |
| 20 | Trasloingsiú a dhéanamh chuig soithí nó ó shoithí a bhfuil iascaireacht NNN mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle ar bun acu, go háirithe na soithí sin a liostaítear ar liosta an Aontais de shoithí NNN nó ar liosta de chuid eagraíocht réigiúnach um bainistíocht iascaigh, dá dtagraítear in Airteagal 29 agus Airteagal 30 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle, nó dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta i gcomhar leis na soithí sin, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí iascaireachta comhpháirteacha leo, nó tacaíocht a thabhairt dóibh nó iad a sholáthar. | 7 |
| 21 | Trasloingsiú gan an t-údarú is gá nó i gcás ina bhfuil an trasloingsiú sin toirmiscthe. | 7 |
| 22 | A bheith páirteach in oibriú nó i mbainistiú soithigh a bhfuil iascaireacht NNN mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle ar bun aige, go háirithe na soithí sin a liostaítear ar liosta an Aontais de shoithí NNN nó ar liosta de chuid eagraíocht réigiúnach um bainistíocht iascaigh, dá dtagraítear in Airteagal 29 agus Airteagal 30 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle. | 7 |

IARSCRÍBHINN IV[1]

Critéir mhalartacha chun sárú a cháiliú mar shárú tromchúiseach, i gcomhréir le hAirteagal 90(3) den Rialachan seo

| Gníomhaíochtaí | Critéir |
|---|---|
| Airteagal 90(3)(a)<br>Gan na hoibleagáidí a chomhlíonadh maidir le sonraí a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta a thaifeadadh agus a thuairisciú, lena n-áirítear sonraí a bheidh le tarchur tríd an gcóras um fhaireachán soithí agus le réamhfhógraí, mar a cheanglaítear le rialacha an chomhbheartais iascaigh;<br><br>Airteagal 90(3)(b)<br>Gan dearbhú gabhála nó dearbhú maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír a chur ar fáil don tríú tír agus gan cóip leictreonach de a sheoladh chuig na Ballstáit bhrataí mar a cheanglaítear le mír 1 d'Airteagal 30 de Rialachán (AE) 2017/2403;<br><br>Airteagal 90(3)(e)<br>Mainneachtain a dhéanamh aon cheann de na gabhálacha róbheaga de shárú ar an reachtaíocht atá i bhfeidhm nó gabhálacha de speiceas atá faoi réir na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír a leagtar amach in Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 a thabhairt nó a choinneáil ar bord an tsoithigh iascaireachta, lena n-áirítear trí shleamhnú, agus iad a thrasloingsiú, a aistriú agus a thabhairt i dtír, mura rud é go mbeadh tabhairt agus coinneáil ar bord agus tabhairt i dtír na ngabhálacha sin ag teacht salach ar oibleagáidí, lena n-áirítear i gcás limistéir eagraíochtaí réigiúnacha um bainistíocht iascaigh, nó dá mbeidís faoi réir díolúintí dá bhforáiltear | - tharla na gabhálacha a bhaineann leis an sárú amhrasta:<br>i limistéar coiscthe; nó<br>thar dhoimhneacht choiscthe;<br><br>- is é an dara sárú a braitheadh sa dá mhí dhéag roimhe sin é;<br><br>- is ionann gabhálacha a bhaineann leis an sárú amhrasta agus cainníochtaí atá cothrom le, nó níos mó ná, dhá oiread na gcorrlach lamháltais ceadaithe dá dtagraítear in Airteagal 14(3) agus Airteagal 21(3) den Rialachán seo;<br><br>- freagraíonn na gabhálacha a bhaineann leis an sárú amhrasta dóibh seo a leanas:<br>a) cainníochtaí níos mó ná 100 cileagram nó 20 % de na cainníochtaí iomlána dá dtagraítear sa logleabhar nó sa dearbhú maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír nó sa dearbhú trasloingsithe, nó<br>b) luach 10 % de luach iomlán na dtáirgí iascaigh,<br>nuair a bhaineann an sárú le ceann amháin de na speicis seo a leanas:<br>▪ gach speiceas atá faoi réir na híosmhéide tagartha caomhnaithe faoi rialacha an chomhbheartais iascaigh;<br>▪ gach speiceas atá faoi réir na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír dá dtagraítear in Airteagal 15 de Rialachán 1380/2013;<br>▪ gach speiceas atá faoi réir deiseanna iascaireachta faoi |

[1] Déanfar na méideanna dá dtagraítear san iarscríbhinn seo a ríomh ar bhonn luach na dtáirgí iascaigh a fuarthas de thoradh an sárú a dhéanamh agus iad de réir phraghsanna ardán Fhaireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um Iascach agus um Tháirgí Dobharshaothraithe (EUMOFA) tráth a aithníodh an sárú, i gcás ina bhfuil siad ar fáil. I gcás nach bhfuil luachanna EUMOFA ar fáil nó nach bhfuil siad ábhartha, beidh feidhm ag praghsanna náisiúnta nó praghsanna a aithnítear ar phríomh-mhargaí idirnáisiúnta ábhartha maidir leis an speiceas lena mbaineann agus is é an praghas is airde a úsáidfear.

| Gníomhaíochtaí | Critéir |
|---|---|
| i rialacha an chomhbheartais iascaigh maidir leis an iascach nó na limistéir iascaireachta a bhfuil feidhm ag na rialacha sin iontu;<br><br>Airteagal 90(3)(f)<br>Dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta i limistéar de chuid eagraíocht réigiúnach um bainistíocht iascaigh ar shlí nach bhfuil i gcomhréir le bearta caomhnaithe agus bainistíochta na heagraíochta sin. | rialacha an chomhbheartais iascaigh;<br>▪ gach speiceas atá faoi réir pleananna ilbhliantúla;<br><br>▪ gach speiceas atá faoi réir moratóra, atá faoi réir séasúr coiscthe nó a bhfuil sé toirmiscthe iascaireacht a dhéanamh orthu;<br>▪ gach speiceas atá á rialú ag eagraíocht réigiúnach um bainistíocht iascaigh. |
| Airteagal 90(3)(g)<br>Táirgí iascaigh a sháraíonn rialacha an chomhbheartais iascaigh a chur ar fáil ar an margadh | - is é an dara sárú a braitheadh sa dá mhí dhéag roimhe sin an sárú amhrasta;<br><br>- baineann an sárú amhrasta le táirgí NNN a cuireadh ar fáil go feasach ar an margadh nó de shárú ar Rialachán NNN;<br><br>- nuair a rinneadh na táirgí a dhíol go díreach le hionad ceantála neamhchláraithe nó le ceannaitheoir neamhchláraithe, dá dtagraítear in Airteagal 59 den Rialachán seo;<br><br>- níl cur i gcrích nó tíolacadh nótaí díolacháin i gcomhréir le hAirteagal 62 den Rialachán seo, lena n-airítear an oibleagáid na sonraí uile a thaifeadadh go leictreonach;<br><br>- freagraíonn na gabhálacha a bhaineann leis an sárú amhrasta do chainníochtaí níos mó ná 100 cileagram nó do 20 % de na cainníochtaí iomlána a luaitear sa logleabhar nó sa dearbhú maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír nó sa dearbhú trasloingsithe, nó freagraíonn siad do luach 10 % de luach iomlán na dtáirgí iascaigh, nuair a bhaineann an sárú le ceann ar bith de na speicis seo a leanas:<br>▪ gach speiceas atá faoi réir na híosmhéide tagartha caomhnaithe faoi rialacha an chomhbheartais iascaigh;<br>▪ gach speiceas atá faoi réir na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír dá dtagraítear in Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013; |

| Gníomhaíochtaí | Critéir |
|---|---|
| | ▪ gach speiceas atá faoi réir deiseanna iascaireachta faoi rialacha an chomhbheartais iascaigh;<br>▪ gach speiceas atá faoi réir plean ilbhliantúil;<br>▪ gach speiceas atá faoi réir moratóra, atá faoi réir séasúr coiscthe nó a bhfuil sé toirmiscthe iascaireacht a dhéanamh orthu;<br>▪ gach speiceas atá á rialú ag eagraíocht réigiúnach um bainistíocht iascaigh. |
| Airteagal 90(3)(c)<br>Trealamh iascaireachta nach gcomhlíonann na rialacha a úsáid.<br><br>Airteagal 90(3)(d)<br>Gan na hoibleagáidí a bhaineann le trealamh iascaireachta a leagtar amach i rialacha an chomhbheartais iascaigh a úsáid. | - tharla na gabhálacha a bhaineann leis an sárú amhrasta:<br>i limistéar coiscthe; nó<br>thar dhoimhneacht choiscthe;<br><br>- tá an trealamh a úsáidtear ar cheann de na nithe seo a leanas:<br>▪ Iascaireacht le pléascán<br>▪ Sruth-eangacha geolbhaigh toirmiscthe<br><br>- líon na n-aonad trealaimh atá ceadaithe a bheith 2 aonad níos mó ná líon na n-aonad trealaimh a cheadaítear ar bord na soithí iascaireachta;<br><br>- is é an dara sárú a braitheadh sa dá mhí dhéag roimhe sin an sárú amhrasta;<br><br>- is ionann gabhálacha a bhaineann leis an sárú amhrasta agus cainníochtaí atá cothrom le, nó níos mó ná, dhá oiread na gcorrlach lamháltais ceadaithe dá dtagraítear in Airteagal 14(3) den Rialachán seo;<br><br>- freagraíonn na gabhálacha a bhaineann leis an sárú amhrasta do chainníochtaí níos mó ná 100 cileagram nó do 20 % de na cainníochtaí iomlána a luaitear sa logleabhar nó sa dearbhú maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír nó sa dearbhú trasloingsithe, nó freagraíonn siad do luach 10 % de luach iomlán na dtáirgí iascaigh, |

| Gníomhaíochtaí | Critéir |
|---|---|
| | nuair a bhaineann an sárú le ceann ar bith de na speicis seo a leanas:<br>▪ gach speiceas atá faoi réir na híosmhéide tagartha caomhnaithe faoi rialacha an chomhbheartais iascaigh;<br>▪ gach speiceas atá faoi réir na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír dá dtagraítear in Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;<br>▪ gach speiceas atá faoi réir deiseanna iascaireachta faoi rialacha an chomhbheartais iascaigh;<br>▪ gach speiceas atá faoi réir plean ilbhliantúil;<br>▪ gach speiceas atá faoi réir moratóra, atá faoi réir séasúr coiscthe nó a bhfuil sé toirmiscthe iascaireacht a dhéanamh orthu;<br>▪ gach speiceas atá á rialú ag eagraíocht réigiúnach um bainistíocht iascaigh. |
| Airteagal 90(3)(h)<br>Dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta áineasa a sháraíonn rialacha an chomhbheartais iascaigh nó gabhálacha iascaigh áineasa a dhíol. | - tharla na gabhálacha a bhaineann leis an sárú amhrasta:<br>▪ i limistéar coiscthe; nó<br>▪ thar dhoimhneacht choiscthe;<br><br>- is é an tríú sárú a braitheadh sa sé mhí roimhe sin an sárú amhrasta;<br><br>- freagraíonn na gabhálacha a bhaineann leis an sárú amhrasta do chainníochtaí níos mó ná 5 chileagram, nuair a bhaineann an sárú le ceann ar bith de na speicis seo a leanas:<br>▪ gach speiceas atá faoi réir na híosmhéide tagartha caomhnaithe dá dtagraítear faoi rialacha an chomhbheartais iascaigh;<br>▪ gach speiceas atá faoi réir na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír dá dtagraítear in Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;<br>▪ gach speiceas atá faoi réir deiseanna iascaireachta faoi rialacha an chomhbheartais iascaigh;<br>▪ gach speiceas atá faoi réir plean ilbhliantúil;<br>gach speiceas atá faoi réir moratóra, atá faoi réir séasúr |

| Gníomhaíochtaí | Critéir |
|---|---|
| | coiscthe nó a bhfuil sé toirmiscthe iascaireacht a dhéanamh orthu. |
| Airteagal 90(3)(i)<br>A lán sáruithe a dhéanamh atá, le chéile, ina neamhaird thromchúiseach ar bhearta caomhnaithe agus bainistíochta. | Líon na sáruithe a rinneadh le chéile nach meastar iad a bheith tromchúiseach ina n-aonar a bheith níos airde ná 3 shárú. |

"

IARSCRÍBHINN II

Cuirtear an méid a leanas in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1005/2008 agus an Aguisín a ghabhann leis an Iarscríbhinn sin:

‘**IARSCRÍBHINN II – Deimhniú Gabhála agus Deimhniú Ath-Onnmhairithe an Aontais Eorpaigh**

| **(i) DEIMHNIÚ GABHÁLA AN AONTAIS EORPAIGH** | |
|---|---|
| **Uimhir an doiciméid** | **An tÚdarás Bailíochtaithe** |

| **1. Ainm** | **Seoladh** | **Teil.**<br>**Facs** |
|---|---|---|

| **2. Ainm an tSoithigh Iascaireachta** | **Bratach - Calafort Baile & Uimhir Chlárúcháin** | **Comhartha Aitheantais Raidió** | **Uimhir IMO/Lloyd’s** (i gcás ina n-eiseofar í) |
|---|---|---|---|

| **Uimhir ceadúnais iascaireachta - Bailí go dtí** | **Uimh. Inmarsat Uimh. Teileafacs Uimh. Teileafóin Seoladh Ríomphoist (i gcás ina n-eiseofar iad)** |
|---|---|
| | |

| **3. Tuairisc ar an táirge** | **Cineál próiseála a cheadaítear ar bord:** | **4. Tagairtí na mbeart caomhnaithe agus bainistíochta is infheidhme** |
|---|---|---|

| **Speicis** | **Cód táirge** | **Limistéir ghabhála agus dátaí** | **Beomheácan measta (glanmheácan éisc i gcileagraim)** | **Beomheácan measta a bheidh le tabhairt i dtír (glanmheácan éisc i gcileagraim)** | **Meáchan fíoraithe a thugtar i dtír (glanmheácan éisc i gcileagraim)** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |

| **5. Ainm mháistir an tsoithigh iascaireachta - Síniú - Séala:** |
|---|

| **6. Dearbhú Trasloingsithe ar Muir**<br>Ainm Mháistir an tSoithigh Iascaireachta | **Síniú agus Dáta** | **Dáta Trasloingsithe/Limistéar/Suíomh** | **Meáchan measta (kg)** |
|---|---|---|---|

| **Máistir an tsoithigh ghlactha** | **Síniú** | **Ainm an tsoithigh** | **Comhartha Aitheantais Raidió** | **Uimhir IMO/Lloyd’s**<br>(I gcás ina n-eiseofar í) |
|---|---|---|---|---|

| **7. Údarú trasloingsithe agus/nó údarú gabhálacha a thabhairt i dtír laisitigh de limistéar calafoirt**: | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ainm** | **Údarás** | **Síniú** | **Seoladh** | **Teil.** | **Calafort inar tugadh an ghabháil éisc i dtír (mar is** | **Dáta a tugadh an ghabháil éisc i dtír (mar is** | **Séala (Stampa)** |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | iomchuí) | iomchuí) | |
| | | | | | Calafort an trasloingsithe (mar is iomchuí) | Dáta an trasloingsithe (mar is iomchuí) | Séala (Stampa) |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **8. Ainm agus seoladh an onnmhaireora** | **Síniú** | **Dáta** | **Séala** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **9. Bailíochtú Údarás an Stáit Brataí**: | | | |
| **Ainm/Teideal** | **Síniú** | **Dáta** | **Séala (Stampa)** |
| **10. Mionsonraí iompair:** *Féach Iarscríbhinn* | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **11. Dearbhú an allmhaireora:** | | | | |
| **Cuideachta, ainm, seoladh, uimhir EORI agus sonraí teagmhála an allmhaireora (tabhair sonraí)** | **Síniú** | **Dáta** | **Séala** | |
| **Cuideachta, ainm, seoladh, uimhir EORI agus sonraí teagmhála ionadaí an allmhaireora (tabhair sonraí)** | **Síniú** | **Dáta** | **Séala** | |
| **Tuairisc ar an táirge:** | **Cód CN** | **Tuairisc ar an táirge** | **Glanmheáchan i gcileagraim** | **Glanmheáchan éisc i gcileagraim** |
| **Doiciméad faoi Airteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008:** | **Tá/Níl (mar is iomchuí)** | **Tagairtí** | | |
| **Doiciméad faoi Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008:** | **Tá/Níl (mar is iomchuí)** | **Tagairtí** | | |
| **Ballstát agus oifig allmhairiúcháin** | | | | |
| **Modh iompair ar theacht isteach dó (eitleán, feithicil, long, traein)** | **Tagairt don doiciméad iompair** | **An t-am a mheastar a bhainfear an ceann scríbe amach (más faoi Airteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 a tíolacadh an deimhniú gabhála)** | | |
| **Uimhir dearbhúcháin** | **Uimhir CVED (má tá fáil** | | | |

| | | |
|---|---|---|
| custaim (i gcás ina n-eiseofar í) | uirthi) | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **12. Rialú ar ollmhairí: Údarás** | **Láthair** | **Allmhairiú údaraithe(*)** | **Allmhairiú curtha ar fionraí(*)** | **Fíorú arna iarraidh - dáta** |

| | | |
|---|---|---|
| 13. Deimhniú gabhála arna dhiúltú | **Deimhniú gabhála arna dhiúltú ar bhonn:** | **(*)** |
| | **Airteagal 18(1a)** | |
| | **Airteagal 18(1b)** | |
| | **Airteagal 18(1c)** | |
| | **Airteagal 18(1d)** | |
| | **Airteagal 18(1e)** | |
| | **Airteagal 18(1f)** | |
| | **Airteagal 18(1g)** | |
| | **Airteagal 18(2a)** | |
| | **Airteagal 18(2b)** | |
| | **Airteagal 18(2c)** | |
| | **Airteagal 18(2d)** | |

(*) Cuir tic mar is iomchuí

| **<u>(i) DEIMHNIÚ ATH-ONNMHAIRITHE AN AONTAIS EORPAIGH</u>** | | | |
|---|---|---|---|
| **Uimhir an deimhnithe** | **Dáta** | **Ballstát** | |
| **1. Tuairisc ar an táirge arna ath-onnmhairiú:** | **Meáchan (kg)** | | |
| **Speiceas** | **Cód táirge** | **Difríocht ón gcainníocht iomlán atá dearbhaithe sa deimhniú gabhála** | |
| **2. Ainm an ath-onnmhaireora** | **Seoladh** | **Síniú** | **Dáta** |
| **3. Údarás** | | | |
| **Ainm/Teideal** | **Síniú** | **Dáta** | **Séala/Stampa** |
| **4. Rialú ar ath-onnmhairiú** | | | |
| **Áit:** | **Ath-onnmhairiú údaraithe(*)** | **Iarradh fíorú(*)** | **Uimhir dhearbhú an ath-onnmhairithe agus dáta** |

(*) Cuir tic mar is iomchuí

**Foscríbhinn**

**MIONSONRAÍ IOMPAIR**

<table>
<tr><td>1. Tír onnmhairiúcháin<br>Calafort/aerfort/áit imeachta eile</td><td colspan="4">2. Síniú an onnmhaireora</td></tr>
<tr><td>Ainm agus bratach an tsoithigh<br>Uimhir eitilte/ uimhir an tsonraisc aeriompair<br>Náisiúntacht agus uimhir chlárúcháin trucaile<br>Uimhir sonraisc iarnróid<br>Doiciméad iompair eile</td><td>Uimhir an choimeádáin/ na gcoimeádán liosta faoi iamh</td><td>Ainm</td><td>Seoladh</td><td>Síniú</td></tr>
</table>